# An Deontas Mionoibreacha Covid a úsáid chun Trealamh Caipitil a Cheannach

(Rinneadh an nuashonrú is deireanaí ar an gcáipéis seo i Lúnasa 2025)

## 1. Réamhrá

Faoin deontas Mionoibreacha Covid, bhí an scóip ann chun airgead a chaitheamh ar earraí trealaimh a d'fhéadfadh a bheith ina gcaiteachas caipitil. Bhí an caiteachas seo le léiriú mar shócmhainní seasta i gclár comhardaithe chuntais an bhoird agus bhí sé le haistriú chuig Caipiteal & Cúlchistí.

## 2. Cur Chuige Cuntasaíochta

Leagtar amach thíos na cóid ainmniúla atá le húsáid chun cuntas a thabhairt ar an deontas a fuarthas, ar an tslí a caitheadh an deontas agus ar aon iarmhéid nár caitheadh.

### 2.1 An t-am a fuarthas ioncam an deontais

| Gníomh | DR/CR | Cód Ainmniúil | Cur Síos |
|---|---|---|---|
| Mionoibreacha Covid Airgead Deontais Faighte | DR | 1800 | Cuntas Reatha 1<br>Sócmhainn Reatha |
| | CR | 2169 | Mionoibreacha COVID Deontas Oibreacha Gan chaitheamh<br>Dliteanas Reatha |

### 2.2 An t-am a úsáideadh an Deontas Mionoibreacha Covid chun Trealamh Caipitil a cheannach:

| Gníomh | DR/CR | Cód Ainmniúil | Cur Síos |
|---|---|---|---|
| Caiteachas Trealaimh Caipitil a Thaifeadadh | DR | 1426 | Caipiteal: Daingneáin, Feistis agus Trealamh Mionoibreacha Covid - Breiseanna<br>Sócmhainn Sheasta |
| | CR | 1800 | Cuntas Reatha 1<br>Sócmhainn Reatha |

| Gníomh | DR/CR | Cód Ainmniúil | Cur Síos |
|---|---|---|---|
| An Deontas Mionoibreacha Covid a aistriú chuig Caipiteal & Cúlchistí | DR | 2169 | Mionoibreacha COVID Deontas gan Chaitheamh Dliteanas Reatha |
| | CR | 3905 | Mionoibreacha COVID Ioncam ó Dheontas Caipitil Caipiteal & Cúlchistí |

**2.3 Amúchadh Deontas**

Teicníc chuntasaíochta is ea amúchadh a úsáidtear chun luach deontais de réir na leabhar a ísliú go tréimhsiúil thar thréimhse áirithe ama.

Déanfar an deontas Mionoibreacha Covid a aithint mar dheontas caipitil thuas sa Tuarascáil Ioncaim agus Caiteachais ar bhonn córasach. Moltar gur chóir an deontas a chaitear a amúchadh thar 5 bliana.

Dhéanfadh cuntasóir/iniúchóir seachtrach na scoileanna na deontais a amúchadh ag deireadh na bliana.

| Gníomh | DR/CR | Cód Ainmniúil | Cur Síos |
|---|---|---|---|
| Amúchadh Deontais i leith Mionoibreacha Covid | DR | 3925 | Ioncam ó Amúchadh Carntha ar Threalamh Caipitil Caipiteal agus Cúlchistí |
| | CR | 3225 | Amúchadh Deontas Trealamh RO Ioncam |

**Nóta 1:** Beartas Amúchta – Deontas amúchta thar 5 bliana

**2.4 Dímheas Mionoibreacha Covid i leith Caiteachais ar Threalamh Caipitil**

Teicníc chuntasaíochta is ea dímheas a úsáidtear chun luach caiteachais caipitil de réir na leabhar a ísliú go tréimhsiúil thar thréimhse áirithe ama.

Déanfar caiteachas caipitil an deontais Mionoibreacha Covid a aithint sa Tuarascáil Ioncaim agus Caiteachais ar bhonn córasach. Moltar an deontas a chaitear a dhímheas thar thréimhse 5 bliana.

Dhéanfadh cuntasóir/iniúchóir seachtrach na scoile dímheas an chaiteachais chaipitiúil TFC a dhímheas ag deireadh na bliana.

| Gníomh | DR/CR | Cód Ainmniúil | Cur Síos |
|---|---|---|---|
| Dímheas Mionoibreacha Covid Daingneáin, Feistis agus Trealamh An Bhliain Reatha | DR | 8020 | Dímheas Bliantúil: Daingneáin, Feistis agus Trealamh Caiteachas |
| | CR | 1436 | Dímheas: Daingneáin, Feistis agus Trealamh Mionoibreacha Covid na Bliana Reatha Sócmhainn Sheasta |

**Nóta 2:** Beartas Dímheasa TFC - Earraí dímheasta thar 5 bliana

**2.5 Cuntas ar iarmhéid an deontais nár caitheadh**

Is deontas imfhálaithe é deontas Mionoibreacha Covid agus caithfear an t-iarmhéid nár caitheadh ag deireadh na bliana a réiteach agus cuntas a thabhairt air i gcód ainmniúil 2169 Deontas Mionoibreacha Covid Nár Caitheadh.